BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Cúigiú Dlísheomra)

13 Feabhra 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála – Dlínse, aithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála – Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 – Dlínse speisialta – Airteagal 8(1) – Líon cosantóirí – Éilimh a bhfuil ‘baint chomh dlúth sin’ lena chéile go bhfuil sé fóirsteanach iad a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile – Airteagal 102 CFAE – An coincheap ‘gnóthas’– Máthairchuideachta agus fochuideachta – Sárú arna dhéanamh ag an bhfochuideachta – Toimhde tionchar cinntitheach a bheith á oibriú ag an máthairchuideachta – Dliteanas comhpháirteach agus leithleach – Cinneadh ó údarás iomaíochta náisiúnta – Caingne le haghaidh cúiteamh)

I gCás C-393/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Hoge Raad der Nederlanden (Cúirt Uachtarach na hÍsiltíre), trí bhreith an 23 Meitheamh 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 28 Meitheamh 2023, sna himeachtaí

Athenian Brewery SA,

Heineken NV

v

Macedonian Thrace Brewery SA,

tugann AN CHÚIRT (an Cúigiú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: I. Jarukaitis, Uachtarán an Cheathrú Dlísheomra, ag feidhmiú mar Uachtarán an Chúigiú Dlísheomra, D. Gratsias (Rapóirtéir) agus E. Regan, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: J. Kokott,

Cláraitheoir: A. Lamote, Riarthóir,

ag féachaint don chuid i scríbhinn den nós imeachta agus i ndiaidh éisteacht an 6 Meitheamh 2024,

* Teanga an cháis: an Ollainnis.

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Athenian Brewery SA agus Heineken NV, ag R. Dufour agus E. Pijnacker Hordijk, advocaten,

– Macedonian Thrace Brewery SA, ag A. J. M. J. de Moncuit de Boiscuillé, abhcóide, J. W. Fanoy, P. A. Fruytier, T. S. Hoyer agus M. H. J. van Maanen, advocaten,

– an Coimisiún Eorpach, ag S. Noë agus W. Wils, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 26 Meán Fómhair 2024,

an Breithiúnas seo a leanas

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 8(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus t[h]ráchtála (IO 2012 L 351, lch. 1).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Athenian Brewery SA ('AB') agus Heineken NV agus Macedonian Thrace Brewery SA ('MTB') maidir le caingean i leith dhliteanas comhpháirteach agus leithleach AB agus Heineken i leith cúiteamh as an damáiste a bhain do MTB mar gheall ar shárú a rinne AB ar Airteagal 102 CFAE agus Airteagal 2 de Nomos 3959/2011 Prostasia tou eleutherou antagonismou (Dlí 3959 maidir le cosaint na hiomaíochta) an 20 Aibreán 2011 (FEK A' 93).

An dlí lena mbaineann

Rialachán (CE) Uimh. 1/2003

3 Foráiltear sa chéad abairt d'Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta atá leagtha síos in Airteagail [101] agus [102 CFAE] (IO 2003 L 1, lch. 1), dar teideal 'Dlínse údaráis iomaíochta na mBallstát', an méid seo a leanas:

'Beidh údaráis iomaíochta na mBallstát inniúil chun Airteagail [101] agus [102 CFAE] a chur i bhfeidhm i gcásanna aonair. [...]'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 16 den Rialachán sin, dar teideal 'Dlí iomaíochta an Chomhphobail a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach', i mír 1 de:

'Nuair a thugann cúirteanna náisiúnta rialú ar chomhaontuithe, cinntí nó cleachtais faoi Airteagal [101] nó [102 CFAE] atá faoi réir cinneadh ón gCoimisiún [Eorpach] cheana féin, ní féidir leo cinntí a ghlacadh a thagann salach ar an gcinneadh arna ghlacadh ag an gCoimisiún. Ní mór dóibh freisin gan cinntí a thabhairt a bheadh ag teacht salach ar chinneadh atá beartaithe ag an gCoimisiún in imeachtaí

atá tionscanta aige. Chuige sin, féadfaidh an chúirt náisiúnta a mheas an gá bac a chur ar a himeachtaí. Tá an oibleagáid sin gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí faoi Airteagal [267 CFAE].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 23(2)(a) den Rialachán sin go bhféadfaidh an Coimisiún, trí chinneadh, fíneálacha a fhorchur ar ghnóthais agus ar chomhlachais gnóthas i gcás ina ndéanfadh siad sárú, d'aon ghnó nó le faillí, ar Airteagail 101 CFAE nó 102 CFAE.

Rialachán Uimh. 1215/2012

6 Luaitear an méid seo a leanas in aithrisí 15, 16 agus 21 de Rialachán 1215/2012:

'(15) Ba cheart na rialacha maidir le dlínse a bheith an-intuartha agus bunaithe ar an bprionsabal gur gnách gur ar shainchónaí an chosantóra a shuitear an dlínse. Ba cheart go mbeadh dlínse le fáil i gcónaí ar an bhforas sin cé is moite de dhornán cásanna arna sainiú go soiléir ina dtugann ábhar na díospóide nó neamhspleáchas na bpáirtithe údar le critéar éagsúil nasctha. Ní mór sainchónaí duine dhlítheanaigh a shainiú go neamhspleách sa chaoi is go mbeidh na comhrialacha níos trédhearcaí agus go seachnófar coinbhleachtaí dlínse.

(16) Sa bhreis ar shainchónaí an chosantóra, ba cheart forais mhalartacha dlínse a bheith ann ar bhonn dlúthnaisc idir an chúirt agus an chaingean nó chun riaradh fónta an cheartais a éascú. Ba cheart go n-áiritheodh an dlúthnasc sin deimhneacht dhlíthiúil agus go seachnófaí leis an fhéidearthacht go ndéanfaí an dlí a agairt ar chosantóir in imeachtaí os comhair cúirte de chuid Ballstáit nach bhféadfadh súil réasúnach a bheith aige leis. [...]

[...]

(21) Ar mhaithe le riaradh comhchuibhithe an cheartais, is gá an fhéidearthacht go mbeadh imeachtaí comhthráthacha ann a laghdú agus is gá a áirithiú nach ndéanfar breithiúnais atá bunoscionn lena chéile a thabhairt i mBallstáit éagsúla. Ba cheart sásra soiléir agus éifeachtach a bheith ann chun cásanna *lis pendens* agus caingne gaolmhara a réiteach, agus chun fadhbanna a eascraíonn as difríochtaí náisiúnta ó thaobh an chaoi a gcinntear an tráth a mheastar cás a bheith ar feitheamh a sheachaint. Chun críocha an Rialacháin seo, ba cheart an tráth sin a shainiú go neamhspleách.'

7 Is mar seo a leanas atá an fhoclaíocht in Airteagal 4(1) den Rialachán sin, a thagann faoi Roinn 1 de Chaibidil II de, dar teideal 'Forálacha ginearálta':

'Faoi réir an Rialacháin seo, déanfar an dlí a agairt ar dhaoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát, is cuma cén náisiúntacht atá acu, i gcúirteanna an Bhallstáit sin.'

8 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 5(1) den Rialachán sin, a thagann faoin alt sin:

'Daoine a bhfuil sainchónaí orthu i mBallstát, ní fhéadfar an dlí a agairt orthu i gcúirteanna de chuid Ballstáit eile ach amháin de bhua na rialacha a leagtar amach i Roinn 2 go Roinn 7 den Chaibidil seo.'

9 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 8(1) den Rialachán sin, a thagann faoi Roinn 2 de Chaibidil II de, dar teideal 'Dlínse speisialta':

'Féadfar an dlí a agairt freisin ar dhuine a bhfuil sainchónaí air i mBallstát:

(1) i gcás inar duine de líon cosantóirí é, sna cúirteanna don áit ina bhfuil sainchónaí ar dhuine ar bith díobh, ar choinníoll go bhfuil baint chomh dlúth sin ag na héilimh le chéile go bhfuil sé fóirsteanach [iad] a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile ionas go seachnófaí breithiúnais a bheadh bunoscionn lena chéile de thoradh imeachtaí ar leithligh;

[...]'

Treoir 2014/104/AE

10 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 9 de Threoir 2014/104/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Samhain 2014 maidir le rialacha áirithe lena rialaítear caingne i leith damáistí faoin dlí náisiúnta maidir le sáruithe ar fhorálacha dhlí iomaíochta na mBallstát agus an Aontais Eorpaigh (IO 2014 L 349, lch. 1) dar teideal 'Éifeacht na gcinntí náisiúnta':

'1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar sárú ar dhlí na hiomaíochta arna chinneadh le cinneadh críochnaitheach ó údarás iomaíochta náisiúnta nó cúirt athbhreithnithe a mheas mar shárú léirithe nach féidir a bhréagnú chun críoch caingne le haghaidh damáistí a thugtar os comhair a gcúirteanna náisiúnta faoi Airteagal 101 nó 102 [CFAE] nó faoin dlí iomaíochta náisiúnta.

2. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina nglacfar cinneadh críochnaitheach dá dtagraítear i mír 1 i mBallstát eile, go bhféadfar an cinneadh críochnaitheach sin, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, a chur faoi bhráid a gcúirteanna náisiúnta mar fhianaise *prima facie* ar a laghad go ndearnadh sárú ar an dlí iomaíochta agus, más iomchuí, go bhféadfar é a mheasúnú in éineacht le haon fhianaise eile arna tabhairt ar aird ag na páirtithe.

3. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí cúirteanna náisiúnta faoi Airteagal 267 [CFAE].'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú

11 Is grúdlanna iad AB agus MTB, a bunaíodh sa Ghréig, a fheidhmíonn a gcuid gníomhaíochtaí ar mhargadh beorach na Gréige. Tá AB mar chuid de ghrúpa Heineken, a bhfuil a mháthairchuideachta, Heineken, bunaithe in Amstardam (an Ísiltír). Shainigh Heineken straitéis agus cuspóirí an ghrúpa. Mar sin féin, ní chuireann sé féin gníomhaíochtaí oibríochtúla i gcrích sa Ghréig. Idir Meán Fómhair 1998 agus an 14 Meán Fómhair 2014, bhí thart ar 98.8 % de na scaireanna in AB i seilbh Heineken go hindíreach.

12 Le cinneadh an 19 Meán Fómhair 2014, chinn Epitropi Antagonismou (an Coimisiún Iomaíochta, an Ghréig) gur bhain AB mí-úsáid as a cheannasacht i margadh beorach na Gréige le linn na tréimhse dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus nár mhór an t-iompar sin a aicmiú mar shárú aonair leanúnach ar Airteagal 102 CFAE agus ar Airteagal 2 de Dhlí 3959 maidir le cosaint na hiomaíochta. Cé gur iarr MTB ar an gCoimisiún Iomaíochta Heineken a chur san áireamh san

imscrúdú, mheas an coiste sin, *inter alia*, sa chinneadh sin, nach raibh aon fhianaise ann go raibh baint dhíreach ag Heineken leis na sáruithe a fuarthas agus nár thug na himthosca ar leith le fios gur imir Heineken tionchar cinntitheach ar AB. Níor rialaigh an Coimisiún sin sa chinneadh sin maidir leis an toimhde infhrisnéise, a aithnítear i gcásdlí na Cúirte Breithiúnais, ar dá réir, sa chás áirithe sin ina bhfuil caipiteal go léir – nó geall leis – a fochuideachta ag máthairchuideachta go díreach nó go hindíreach, a rinne sárú ar na rialacha iomaíochta, go bhfeidhmíonn an mháthairchuideachta sin tionchar cinntitheach iarbhír ar iompar na fochuideachta sin agus go bhféadfar í a chur faoi dhliteanas i leith an tsáraithe ar an mbealach céanna leis an bhfochuideachta sin ('toimhde maidir le tionchar cinntitheach agus dliteanas cinntitheach na máthairchuideachta').

13 Thionscain MTB caingean os comhair rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche Amstardam, an Ísiltír) ag iarraidh dearbhú gur cheart AB agus Heineken a chur faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith an tsáraithe dá dtagraítear sa mhír roimhe seo agus, dá bhrí sin, d'ordaigh sé i gcomhpháirt agus go leithleach cúiteamh iomlán a íoc as an damáiste a bhain do MTB mar thoradh ar an sárú sin. Ar a son féin, d'iarr AB agus Heineken ar rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche Amstardam) a dhearbhú go bhfuil sé neamhinniúil éisteacht leis an éileamh i gcoinne AB. Tá dlínse aitheanta ag rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche Amstardam) chun éisteacht leis na héilimh a tugadh i gcoinne Heineken faoi Airteagal 4(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a mhéid is atá oifig chláraithe na cuideachta deiridh sin suite in Amstardam. Ar an taobh eile, cheadaigh sí iarratas AB agus Heineken ar easpa dlínse agus dhiúltaigh sí a dlínse i dtaca le AB ar an bhforas nach raibh 'baint chomh dlúth sin lena chéile' ann – de réir bhrí Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 – idir an chaingean a tionscnaíodh i gcoinne Heineken agus an chaingean a tionscnaíodh i gcoinne AB go mbeadh sé fóirsteanach iad a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile ionas go seachnófaí breithiúnais a bheadh bunoscionn lena chéile de thoradh imeachtaí ar leithligh.

14 Ar achomharc, chuir Gerechtshof Amstardam (Cúirt Achomhairc, Amstardam, an Ísiltír) cinneadh rechtbank Amsterdam (Cúirt Dúiche Amstardam) ar neamhní, dhiúltaigh siad d'iarratas teagmhasach AB agus Heineken agus tharchuir siad an cás ar ais chuig an gcúirt lena scrúdú tuilleadh agus le cinneadh a dhéanamh ar na tuillteanais. Chinn an chúirt achomhairc sin, go bunúsach, go raibh na cuideachtaí sin sa staid fhíorasach chéanna agus nach bhféadfaí a chur as an áireamh le cinnteacht leordhóthanach go raibh siad ina ngnóthas aonair.

15 Rinne Heineken agus AB achomharc ar phointe dlí os comhair Hoge Raad der Nederlanden (Cúirt Uachtarach na hÍsiltíre), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

16 Tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire nach ionann an cás os a comhair agus an cás dá dtagraítear i mbreithiúnas an 21 Bealtaine 2015, *CDC Hydrogen Peroxide* (C-352/13, EU:C:2015:335), inar chinn an Chúirt, *inter alia*, go raibh 'baint chomh dlúth sin lena chéile' den sórt sin ag na caingne a tionscnaíodh i gcoinne gnóthais a bhí rannpháirteach ar bhealach éagsúil, i dtéarmaí geografacha agus ama, i sárú leanúnach aonair ar an toirmeasc ar chairtéil a leagtar síos i gcinneadh ón gCoimisiún agus go raibh sé fóirsteanach iad a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile. Sa chás seo, ní cinneadh ón gCoimisiún a chinn gur sáraíodh na rialacha iomaíochta, ach cinneadh ó údarás iomaíochta náisiúnta, eadhon an Coimisiún Iomaíochta. Ina theannta sin, tá sé coitianta nach ndearna Heineken oibríochtaí ar mhargadh beorach na Gréige é féin agus tá an t-iarratas a rinne MTB ina choinne bunaithe go hiomlán ar an tionchar cinntitheach a d'fheidhmigh sé ar iompar AB. Ina theannta sin, tá comhthuiscint ann nach ndearna Heineken féin idirbhearta ar mhargadh beorach na Gréige agus go bhfuil iarraidh MTB bunaithe ar an tionchar cinntitheach a d'fheidhmigh sé ar iompar AB amháin. I gcás, mar atá sa

chás seo, ina ndíospóideann an cosantóir ar bhonn réasúnaithe gur fheidhmigh sé tionchar den sórt sin, tagann an cheist chun cinn, i gcomhréir leis an gcritéar a leag an Chúirt síos i mbreithiúnais an 28 Eanáir 2015, *Kolassa* (C-375/13, EU:C:2015:37), agus an 16 Meitheamh 2016, *Universal Music International Holding* (C-12/15, EU:C:2016:449), an féidir brath ar thoimhde thionchar agus dhliteanas cinntitheach na máthairchuideachta, agus sa chás sin bheadh ar an gcúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair a dlínse chun rialú a thabhairt ar an gcás a aithint, mura rud é gur éirigh leis an máthairchuideachta lena mbaineann, gan fianaise mhionsonraithe, an toimhde sin a fhrisnéis.

17 Sna himthosca sin, chinn an Hoge Raad der Nederlanden (an Chúirt Uachtarach, an Ísiltír) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais:

‘1. I gcás amhail an cás atá i gceist sna [príomhimeachtaí], [an gcaithfidh an chúirt san áit ina bhfuil sainchónaí na máthairchuideachta] a bheith ag brath, agus a dlínse á measúnú aici faoi Airteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] maidir le fochuideachta atá bunaithe i mBallstát eile, i gcomhthéacs an cheanglais go mbeadh baint chomh dlúth sin […] dá dtagraítear san fhoráil sin, ar an toimhde a nglactar leis i ndáil leis an dlí substainteach iomaíochta — go mbíonn tionchar cinntitheach ag an máthairchuideachta ar ghníomhaíocht eacnamaíoch na fochuideachta is ábhar do na himeachtaí?

2. Má thugtar freagra ar an gcéad cheist go dearfach, cén chaoi a bhfuil an critéar leagtha amach [i mbreithiúnais an 28 Eanáir 2015, *Kolassa* (C-375 EU:C:2015:37),] agus *Universal Music International Holding* (C-12/15, EU:C:2016:449)] le léiriú? I gcás den sórt sin, nuair a chonspóidtear tionchar cinntitheach na máthairchuideachta ar ghníomhaíocht eacnamaíoch na fochuideachta, an leor é chun dlínse a ghlacadh faoi Airteagal 8(1) de Rialachán [Uimh. 1215/2012] maidir leis an bhfochuideachta lena mbaineann, nach féidir tionchar cinntitheach den sórt sin a eisiamh *a priori*?

Na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

18 Lena ceisteanna, ar iomchuí iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an gcaithfear Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis, i gcás éilimh go n-ordófaí do mháthairchuideachta agus dá fochuideachta i gcomhpháirt agus go leithleach an damáiste a fulaingíodh mar thoradh ar shárú ar na rialacha iomaíochta a bheith déanta ag an bhfochuideachta sin, ar an gcúirt a bhfuil sainchónaí ar an máthairchuideachta ar tugadh na héilimh sin os a comhair brath go heisiach, chun a dlínse idirnáisiúnta a bhunú, ar an toimhde – i gcás ina bhfuil caipiteal uile fochuideachta a sháraigh na rialacha iomaíochta i seilbh ag máthairchuideachta go díreach nó go hindíreach – go bhfuil tionchar cinntitheach aici ar an bhfochuideachta sin.

19 Foráiltear le hAirteagal 8(1) de Rialachán Uimh 1215/2012 i gcás inar duine de líon cosantóirí é, sna cúirteanna don áit ina bhfuil sainchónaí ar dhuine ar bith díobh, ar choinníoll go bhfuil ‘baint chomh dlúth sin’ ag na héilimh le chéile go bhfuil sé fóirsteanach [iad] a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile ionas go seachnófaí breithiúnais a bheadh bunoscionn lena chéile de thoradh imeachtaí ar leithligh.

20 Freagraíonn cuspóir na rialach dlínse dá dtagraítear in Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, i gcomhréir le haithrisí 16 agus 21 den Rialachán sin, don ábhar imní chun dea-riarachán an cheartais a éascú, chun an fhéidearthacht go mbeadh imeachtaí

comhthráthacha ann a íoslaghdú agus chun cosc a chur ar bhreithiúnais neamhréireacha a thabhairt i mBallstáit éagsúla (breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Beverage City Polska*, C-832/21, EU:C:2023:635, mír 34 agus an cásdlí dá dtagraítear).

21 Ní mór an riail dlínse speisialta sin, a mhéid a mhaolaítear léi ar phrionsabal dhlínse shainchónaí an chosantóra a leagtar síos in Airteagal 4 de Rialachán Uimh. 1215/2012, a léiriú go docht, nach dtéann thar na cásanna a bheartaítear go sainráite leis an Rialachán sin (breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Beverage City Polska*, C-832/21, EU:C:2023:635, mír 35 agus an cásdlí dá dtagraítear).

22 Dá bhrí sin, chun Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a chur i bhfeidhm, is gá a fháil amach an bhfuil nasc idir na héilimh éagsúla arna ndéanamh ag an iarratasóir céanna i gcoinne cosantóirí éagsúla ar bhealach ina bhfuil sé fóirsteanach iad a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile ionas go seachnófaí breithiúnais a bheadh bunoscionn lena chéile de thoradh imeachtaí ar leithligh. I ndáil leis sin, chun go measfar go bhfuil breithiúnais doréitithe, ní leor go mbeadh éagsúlacht i dtoradh na díospóide, ach is gá freisin go dtiocfadh an éagsúlacht sin chun cinn i gcomhthéacs na staide fíorasaí agus dlíthiúla céanna (breithiúnas an 21 Bealtaine 2015, *CDC Hydrogen Peroxide*, C-352/13, EU:C:2015:335, mír 20 agus an cásdlí dá dtagraítear).

23 Chinn an Chúirt, áfach, nach féidir an riail a leagtar síos in Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léiriú sa chaoi go bhféadfaidh sí cead a thabhairt d'iarratasóir caingean a thionscnamh i gcoinne roinnt cosantóirí d'aon toisc chun duine de na cosantóirí sin a bhaint de chúirteanna an Stáit ina bhfuil sainchónaí air agus, dá bhrí sin, chun an riail dlínse atá san fhoráil sin a atreorú, trí na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm na forála sin a chruthú nó a choinneáil go saorga (breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Beverage City Polska*, C-832/21, EU:C:2023:635, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Chinn an Chúirt freisin go gcoisctear cás ina dtionscnaíonn iarratasóir caingean i gcoinne roinnt cosantóirí ar an gcúis amháin duine acu a bhaint de chúirteanna an Stáit ina bhfuil sainchónaí air i gcás ina bhfuil dlúthnasc idir na héilimh a thionscnaítear i gcoinne gach duine de na cosantóirí, nuair a thionscnaítear iad, is é sin le rá, nuair atá sé fóirsteanach [iad] a éisteacht agus breith a thabhairt orthu i dteannta a chéile ionas go seachnófaí breithiúnais a bheadh bunoscionn lena chéile de thoradh imeachtaí ar leithligh (féach, de réir analaí, breithiúnais an 11 Deireadh Fómhair 2007, *Freeport*, C-98/06, EU:C:2007:595, mír 54; an 21 Bealtaine 2015, *CDC Hydrogen Peroxide*, C-352/13, EU:C:2015:335, mír 28, mar aon leis an 7 Meán Fómhair 2023, *Beverage City Polska*, C-832/21, EU:C:2023:635, mír 44 agus an cásdlí dá tagraítear). Chinn sí uaidh sin, i gcás iarratais a bhaineann, nuair a taisceadh iad, de réir bhrí Airteagal 6(1) de Rialachán Uimh. 44/2001 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus t[h]ráchtála (IO 2001, L 12, lch. 1), a chomhfhreagraíonn d'Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, nach féidir leis an gcúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair a chinneadh go bhféadfaí mí-úsáid a bhaint as an riail dlínse a leagtar amach san fhoráil sin ach amháin má tá fianaise dhochloíte ann lena gcuirtear ar a cumas a chinneadh gur chruthaigh nó gur choinnigh an t-iarratasóir na coinníollacha chun an fhoráil sin a chur i bhfeidhm go saorga (féach, de réir análaí, breithiúnas an 21 Bealtaine 2015, *CDC Hydrogen Peroxide*, C-352/13, EU:C:2015:335, mír 29).

25 Dá bhrí sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a mheas an bhfuil an staid dhlíthiúil agus fhíorasach chéanna ann, agus gnéithe ábhartha uile an cháis os a comhair á gcur san áireamh, maidir leis na héilimh a thugtar i gcoinne na gcosantóirí éagsúla, agus a áirithiú nach bhfuil na

héilimh a dhéantar i gcoinne na gcomhchosantóirí amháin a bhfuil a sainchónaí ina údar le dlínse na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair beartaithe go saorga chun na coinníollacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a chomhlíonadh (féach, chuige sin, breithiúnas an 7 Meán Fómhair 2023, *Beverage City Polska*, C-832/21, EU:C:2023:635, míreanna 42 agus 45). Mar sin féin, féadfaidh an Chúirt treoir a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur maidir le léiriú dhlí an Aontais atá úsáideach don mheasúnú sin.

26 Ón taobh sin de, ba cheart a mheabhrú gur chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach mór a mheas go bhfuil an coinníoll maidir leis an staid fhíorasach agus dhlíthiúil chéanna a bheith ann comhlíonta i gcás ina bhfuil roinnt gnóthas a ghlac páirt i sárú leanúnach aonair ar rialacha iomaíochta an Aontais, a fuarthas i gcinneadh ón gCoimisiún, cumhdaithe, mar chosantóirí, le héilimh bunaithe ar a rannpháirtíocht sa sárú sin, in ainneoin go bhfuil sé éagsúil, ó thaobh na tíreolaíochta agus an ama de araon, go raibh na cosantóirí sna príomhimeachtaí rannpháirteach i gcur chun feidhme an chairtéil lena mbaineann (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Bealtaine 2015, *CDC Hydrogen Peroxide*, C-352/13, EU:C:2015:335, mír 21).

27 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 40 dá Tuairim, tá feidhm ag an gcinneadh céanna freisin i gcás éilimh atá bunaithe ar rannpháirtíocht cuideachta i sárú ar rialacha iomaíochta dhlí an Aontais agus a thionscnaítear i gcoinne na cuideachta sin agus i gcoinne a máthairchuideachta agus ina líomhnaítear gur bhunaigh siad gnóthas aonair le chéile.

28 Is cásdlí socair é go dtagraíonn dlí iomaíochta an Aontais do ghníomhaíochtaí gnóthas, agus mar thoradh air sin, ós rud é gur dliteanas pearsanta é an dliteanas i leith díobháil a eascraíonn as sáruithe ar rialacha iomaíochta an Aontais, is faoin ngnóthas a sháraíonn na rialacha sin atá sé freagra a thabhairt ar an díobháil a rinneadh de dheasca an tsáraithe (breithiúnas an 14 Márta 2019, Skanska Industrial Solutions agus *páirtithe eile*, C-724/17, EU:C:2019:204, míreanna 30 agus 31 agus an cásdlí dá dtagraítear).

29 Dá bhrí sin, i gcás ina suitear gur aonad eacnamaíoch aonair iad cuideachta agus a fochuideachta agus, dá bhrí sin, gur gnóthas aonair iad, chun críocha rialacha iomaíochta dhlí an Aontais, is é an t-aonad eacnamaíoch sin a rinne an sárú a chinneann, go cinntitheach, dliteanas ceann amháin nó ceann eile de na cuideachtaí atá sa ghnóthas as iompar frithiomaíoch an ghnóthais. Ar an mbonn sin, tá dliteanas comhpháirteach agus leithleach idir na heintitis atá san aonad eacnamaíoch tráth a rinneadh an sárú i gceist go huathoibríoch leis an gcoincheap ‘gnóthas’ agus, tríd an gcoincheap ‘aonad eacnamaíoch’ (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Sumal*, C-882/19, EU:C:2021:800, míreanna 43 agus 44).

30 I ndáil leis sin, ós rud é, mar atá sa chás seo, nár suíodh dliteanas comhpháirteach agus leithleach na máthairchuideachta agus a fochuideachta i leith sárú ar rialacha iomaíochta an Aontais le cinneadh críochnaitheach ón gCoimisiún, ní chuirtear bac ar chur i bhfeidhm Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 maidir le hiarratais den sórt sin.

31 Os a choinne sin, mar a luaigh an tAbhcóide Ginearálta i mír 56 dá Tuairim, is i gcás den sórt sin go beacht atá baol ann go dtabharfar breithiúnais atá bunoscionn lena chéile sa staid fhíorasach agus dhlíthiúil chéanna. Mar is léir ó aithris 21 de Rialachán Uimh. 1215/2012, tá foráil Airteagal 8(1) den Rialachán sin ceaptha go sonrach chun riosca den sórt sin a sheachaint.

32 Tá cinntí críochnaitheacha an Choimisiúin maidir le sárú ar rialacha iomaíochta dhlí an Aontais ina gceangal, i gcomhréir le hAirteagal 16(1) de Rialachán Uimh. 1/2003, ar aon chúirt de chuid Ballstáit a rialaíonn ar an sárú céanna. Ar an taobh eile, cé go bhfuil sé d’oibleagáid ar na Ballstáit,

i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Threoir 2014/104, a áirithiú go bhfuil a gcúirteanna náisiúnta faoi cheangal ag cinntí críochnaitheacha a n-údarás iomaíochta féin, agus ag na cinntí sin amháin, lena rialaítear sárú den sórt sin, i gcás cinntí comhchosúla arna ndéanamh ag údarás iomaíochta de chuid Ballstáit eile, ní leagtar síos le hAirteagal 9(2) ach oibleagáid ar na Ballstáit a áirithiú go bhféadfar cinntí den sórt sin a chur faoi bhráid a gcúirteanna náisiúnta mar fhianaise *prima facie* ar an sárú.

33 Tá an léiriú sin ar Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, sa chiall go bhfuil feidhm ag an bhforáil sin freisin maidir le héilimh a dhéantar i gcoinne máthairchuideachta agus i gcoinne a fochuideachta lena gcruthaítear aonad eacnamaíoch leis an gcéad chuideachta agus atá bunaithe ar rannpháirtíocht na máthairchuideachta sin i sárú ar rialacha iomaíochta dhlí an Aontais, i gcomhréir le cuspóirí intuarthacht na rialacha dlínse agus le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, dá dtagraítear in aithrisí 15 agus 16 den Rialachán sin.

34 De réir chásdlí na Cúirte Breithiúnais, ceanglaítear le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, *inter alia*, go léireofaí na rialacha maidir le dlínse speisialta ar bhealach lena gcuirfear ar chumas cosantóra a bhfuil eolas maith aige de ghnáth a thuar go réasúnach cén chúirt a bhféadfaí é a agairt os a comhair, seachas cúirt an Stáit ina bhfuil sainchónaí air (breithiúnas an 13 Iúil 2006, *Reisch Montage*, C-103/05, EU:C:2006:471, mír 25).

35 Is amhlaidh atá i gcás máthairchuideachta agus a fochuideachta, a bhfuil sainchónaí uirthi i mBallstát eile. I bhfianaise na mbreithnithe a leagtar amach i míreanna 28 agus 29 den bhreithiúnas seo, féadfaidh an dá chuideachta sin foráil a dhéanamh go réasúnta, i gcás sárú ar rialacha dhlí iomaíochta an Aontais arna dhéanamh ag ceann acu, go bhféadfar an dlí a agairt os comhair chúirteanna Bhallstát shainchónaí an chinn eile chun freagra a thabhairt ar éilimh atá bunaithe ar an sárú sin.

36 Sa chás seo, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go sonrach, na himpleachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm féideartha Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012, ar an gcéad dul síos, go maíonn an t-iarratasóir, mar thaca lena éilimh i gcoinne cuideachta a bhí rannpháirteach i sárú ar rialacha iomaíochta dhlí an Aontais agus i gcoinne na cuideachta a bhfuil caipiteal iomlán nó beagnach iomlán caipitil na cuideachta sin faoina húinéireacht, maidir leis an toimhde go bhfuil tionchar cinntitheach agus dliteanas cinntitheach ag an máthairchuideachta agus, ar an dara dul síos, go ndiúltaíonn an dara cuideachta tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar a fochuideachta agus aonad eacnamaíoch a bhunú léi.

37 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, ar an gcéad dul síos, de réir cásdlí socair, sa chás áirithe ina sealbhaíonn máthairchuideachta, go díreach nó go hindíreach, caipiteal iomlán nó beagnach iomlán a fochuideachta a rinne sárú ar na rialacha iomaíochta, go bhfuil toimhde infhrisnéise ann, eadhon an toimhde go bhfuil tionchar cinntitheach aici agus dliteanas na máthairchuideachta, ar dá réir a fheidhmíonn an mháthairchuideachta sin tionchar cinntitheach ar iompar a fochuideachta (breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2017, *Global Steel Wire agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-457/16 P agus C-459/16 P go C-461/16 P, EU:C:2017:819, mír 84 agus an cásdlí dá dtagraítear).

38 Forbraíodh an toimhde sin i gcomhthéacs na ngnóthas lena mbaineann i gcoinne chinntí an Choimisiúin inar cinneadh gur ghlac siad páirt i sárú ar rialacha iomaíochta an Aontais agus gur fhorchuir siad fíneálacha orthu faoi Airteagal 23(2) de Rialachán Uimh. 1/2003. Sa chomhthéacs sin, shonraigh an Chúirt gur leor don Choimisiún a chruthú go bhfuil caipiteal go léir – nó geall leis – fochuideachta i seilbh a máthairchuideachta chun a thoimhdiú go bhfeidhmíonn an

mháthairchuideachta tionchar cinntitheach iarbhír ar bheartas tráchtála na fochuideachta sin. Ina dhiaidh sin, beidh an Coimisiún in ann a mheas go bhfuil an mháthairchuideachta faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach an fhíneáil a gearradh ar a fochuideachta a íoc, mura dtugann an mháthairchuideachta sin, a bhfuil an t-ualach uirthi an toimhde sin a fhrisnéis, fianaise leordhóthanach ar aird chun a thaispeáint go ngníomhaíonn an fhochuideachta sin go neamhspleách ar an margadh (breithiúnas an 26 Deireadh Fómhair 2017, *Global Steel Wire agus páirtithe eile* v *an Coimisiún*, C-457/16 P agus C-459/16 P go C-461/16 P, EU:C:2017:819, mír 84 agus an cásdlí dá dtagraítear).

39 Cé gur forbraíodh é i gcomhthéacs agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí ón gCoimisiún arna nglacadh faoi Airteagal 23(2) de Rialachán Uimh. 1/2003, féadfaidh feidhm a bheith ag toimhde an tionchair chinntithigh agus an dliteanais tuismitheora freisin i gcás iarraidh ó dhuine nádúrtha nó dlítheanach a mhaíonn gur bhain damáiste dó mar thoradh ar rannpháirtíocht cuideachta i sárú ar rialacha iomaíochta dhlí an Aontais i gcoinne cuideachta eile ar léi caipiteal uile na chéad chuideachta nó beagnach caipiteal uile na chéad chuideachta.

40 Chinn an Chúirt nach féidir raon feidhme difriúil a bheith ag an gcoincheap ‘gnóthas’, de réir bhrí rialacha iomaíochta dhlí an Aontais, ar coincheap uathrialach de dhlí iomaíochta an Aontais é, i gcomhthéacs fíneálacha a bheith á bhforchur ag an gCoimisiún faoi Airteagal 23(2) de Rialachán Uimh. 1/2003 agus i gcomhthéacs caingne i leith damáistí mar gheall ar rialacha iomaíochta an Aontais a shárú (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2021, *Sumal*, C-882/19, EU:C:2021:800, mír 38).

41 Ba cheart a thabhairt faoi deara, ar an dara dul síos, gur léir ó chásdlí na Cúirte, ag céim an chinnidh maidir le dlínse idirnáisiúnta, nach ndéanann an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair measúnú ar inghlacthacht ná ar fhiúntas an éilimh, ach nach n-aithníonn sí ach na pointí ceangail le Stát an fhóraim lena dtugtar údar dá dlínse faoi Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012.

42 É sin ráite, cé gur fíor nach sonraítear go sainráite i Rialachán Uimh. 1215/2012 méid na n-oibleagáidí athbhreithnithe atá ar chúirteanna náisiúnta agus cinneadh á dhéanamh an bhfuil dlínse idirnáisiúnta acu, maidir le gné den dlí nós imeachta náisiúnta nach bhfuil sé beartaithe leis an Rialachán sin a aontú, chinn an Chúirt, mar sin féin, nár cheart go mbainfeadh cur i bhfeidhm rialacha ábhartha an dlí nós imeachta náisiúnta an bonn d’éifeachtacht an Rialacháin sin. Cé go n-éilítear le cuspóir na deimhneachta dlíthiúla nach mór don chúirt náisiúnta ar tugadh na himeachtaí os a comhair a bheith in ann rialú go héasca ar a dlínse féin gan oibleagáid a bheith uirthi rialú a thabhairt ar shubstaint an cháis, d’fhéadfadh oibleagáid chun fianaise mhionsonraithe a chur i gcrích, ag an gcéim sin de na himeachtaí, maidir leis na fíorais ábhartha a bhaineann leis an dlínse agus le substaint an cháis araon, dochar a dhéanamh don scrúdú ar thuillteanais an cháis (féach, chuige sin, breithiúnas an 28 Eanáir 2015, *Kolassa*, C-375/13, EU:C:2015:37, míreanna 61 go 63 agus an cásdlí dá dtagraítear).

43 Ina theannta sin, shoiléirigh an Chúirt freisin go n-éilíonn an cuspóir maidir le riaradh cuí an cheartais agus an urraim atá dlite d’uathriail an bhreithimh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna, go bhféadfaidh an chúirt ar tugadh an t-ábhar os a comhair a dlínse idirnáisiúnta a scrúdú i bhfianaise gach faisnéise atá ar fáil dó, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, an fhaisnéis arna soláthar ag an gcosantóir (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Eanáir 2015, *Kolassa*, C-375/13, EU:C:2015:37, mír 64, agus an 16 Meitheamh 2016, *Universal Music International Holding*, C-12/15, EU:C:2016:449, mír 45).

44 I ndáil leis sin, maidir le nasc a bheith ann, beidh an fhaisnéis atá beartaithe chun a shuíomh go mbaineann an t-iarratas leis an staid fhíorasach chéanna agus, de réir mar a bheidh, leis an staid dhlíthiúil chéanna ábhartha. Dá bhrí sin, féadfaidh an chúirt sin a mheas, chun nasc a bhunú eatarthu, na héilimh ábhartha arna ndéanamh ag an iarratasóir maidir leis na coinníollacha dliteanais i dtort, míghníomh nó samhail mhíghnímh a rinneadh ina éilimh (féach, de réir analaí, breithiúnas an 16 Meitheamh 2016, *Universal Music International Holding*, C-12/15, EU:C:2016:449, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

45 Dá bhrí sin, i gcás amhail an cás sna príomhimeachtaí, féadfaidh an chúirt ar tugadh na himeachtaí os a comhair í féin a theorannú d'fhíorú nach féidir a chur as an áireamh *a priori* go bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith ag an máthairchuideachta ar an bhfochuideachta chun go mbeidh sí in ann dlínse a ghlacadh a mhéid a cheadaítear sin faoin dlí náisiúnta.

46 Is amhlaidh a bheidh má thagraíonn an t-iarratasóir do thoimhde an tionchair chinntithigh agus an dliteanais tuismitheora. Mar sin féin, má fhíoraítear nach bhfuil an t-éileamh i gcoinne na máthairchuideachta, a dtugann a sainchónaí údar le dlínse na cúirte ar tugadh na himeachtaí os a comhair, saorga, glactar leis go bhfuil na cosantóirí in ann brath ar fhianaise dhochloíte a thugann le tuiscint nach raibh caipiteal go léir – nó geall leis – a fochuideachta i seilbh na máthairchuideachta go díreach nó go hindíreach, nó gur cheart an toimhde sin a fhrisnéis mar sin féin.

47 I bhfianaise na mbreithnithe uile roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór Airteagal 8(1) de Rialachán Uimh. 1215/2012 a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis, i gcás ina n-ordaítear do mháthairchuideachta agus dá fochuideachta i gcomhpháirt agus go leithleach an damáiste a fulaingíodh mar gheall ar shárú ar na rialacha iomaíochta arna dhéanamh ag an bhfochuideachta a shlánú, ar an gcúirt ina bhfuil sainchónaí ar an máthairchuideachta a dtugtar na héilimh sin os a comhair brath, d'fhonn a dlínse idirnáisiúnta a bhunú, ar an toimhde, i gcás ina sealbhaíonn máthairchuideachta go díreach nó go hindíreach caipiteal go léir– nó geall leis – fochuideachta a sháraigh na rialacha iomaíochta go bhfuil tionchar cinntitheach aici ar an bhfochuideachta sin, ar choinníoll nach mbaintear an fhéidearthacht de na cosantóirí brath ar fhianaise dhochloíte a thugann le tuiscint nach raibh caipiteal go léir – nó geall leis – na fochuideachta úd ag an máthairchuideachta sin go díreach nó go hindíreach, nó gur cheart an toimhde sin a bhréagnú mar sin féin.

Costais

48 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Cúigiú Dlísheomra) mar seo a leanas:

maidir le hAirteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

ní chuirtear cosc leis, i gcás ina n ordaítear do mháthairchuideachta agus dá fochuideachta i gcomhpháirt agus go leithleach an damáiste a fulaingíodh mar gheall ar shárú ar na rialacha iomaíochta arna dhéanamh ag an bhfochuideachta a shlánú, ar an gcúirt ina bhfuil sainchónaí ar an máthairchuideachta a dtugtar na héilimh sin os a comhair brath, d'fhonn a dlínse idirnáisiúnta a bhunú, ar an toimhde, i gcás ina sealbhaíonn máthairchuideachta go díreach nó go hindíreach caipiteal go léir– nó geall leis – fochuideachta a sháraigh na rialacha iomaíochta go bhfuil tionchar cinntitheach aici ar an bhfochuideachta sin, ar choinníoll nach mbaintear an fhéidearthacht de na cosantóirí brath ar fhianaise dhochloíte a thugann le tuiscint nach raibh caipiteal go léir – nó geall leis – na fochuideachta úd ag an máthairchuideachta sin go díreach nó go hindíreach, nó gur cheart an toimhde sin a bhréagnú mar sin féin..

Sínithe